C/2025/3472

16.7.2025

Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le tosaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún i gcomhair na tréimhse 2025-2030

(C/2025/3472)

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:

— Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029 na Comhairle Eorpaí;

— Treoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh 2024-2029;

— Comhaontuithe comhair Choiste Eorpach na Réigiún le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach;

Measann CnaR gurb iad #Comhtháthú, #Athléimneacht agus #Gaireacht príomhthosaíochtaí 2025-2030.

I. *#Comhtháthú*

Cuireann CnaR an méid seo a leanas i bhfáth:

1. Is príomhchuspóirí de chuid an Aontais Eorpaigh iad an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus go bhfuil rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ríthábhachtach chun na cuspóirí sin a bhaint amach trí rialachas il-leibhéil mar a cuireadh in iúl freisin sa Chomhghuaillíocht um Chomhtháthú.

An tIomaíochas

2. Is iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is mó a spreagann an t-iomaíochas de bharr na ndlúthnasc atá acu le saoránaigh, le gníomhaithe eacnamaíocha, leis an saol acadúil agus le páirtithe leasmhara eile. Cuireann na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha clár oibre straitéiseach an Aontais i gcrích ar an láthair agus tacaíonn siad go héifeachtach le héiceachórais nuálaíochta trí infheistíocht agus soláthar poiblí. Chomh maith leis sin, cuireann siad seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán ar fáil chun forbairt réigiúnach a spreagadh agus chun beartas tionsclaíoch áitbhunaithe a chumasú chun dícharbónú, iomaíochas agus poist ardcháilíochta a bhaint amach.

3. Tacaíonn CnaR go láidir leis an deichiú clár réime um thaighde agus um nuálaíocht (FP10) atá misniúil, áitbhunaithe agus cuimsitheach ó thaobh críche de agus leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) lena dtabharfar tacaíocht fheabhsaithe d'éiceachórais nuálaíochta áitiúla agus réigiúnacha, lena gcruthófar sineirgí feabhsaithe idir comhtháthú agus lena dtabharfar cistiú T & N, agus aitheantas iomlán do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chumasóirí an gheilleagair eolais.

4. Tarraingíonn CnaR aird ar a thábhachtaí atá sé an óige a chumhachtú tríd an oideachas agus na scileanna is gá a thabhairt dóibh chun go n-éireoidh leo i margadh an tsaothair na todhcahaí agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair. D'fhéadfadh an imirce dhleathach an fás a spreagadh freisin agus geilleagair áitiúla a shaibhriú agus an t-iomaíochas réigiúnach a fheabhsú.

5. Fágann iomaíochas na hEorpa go bhfuil gá le gné chríochach atá forbartha go maith, sin agus le struchtúir rialachais il-leibhéil fheabhsaithe chun an beartas tionsclaíoch a chomhordú toisc nach féidir iomaíochas a bheith ann gan réigiúin iomaíocha.

6. Rud ríthábhachtach is ea cur i gcrích an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear saorghluaiseacht seirbhísí, aontas na margaí caipitil agus borradh a chur faoin infheistíocht chun iomaíochas fadtéarmach na hEorpa a áirithiú. Chun margadh aonair a bhaint amach a bheidh láidir, nuálach, athléimneach, tá gá le beartas láidir comhtháthaithe a mbeidh gné láidir iomaíochais ag baint leis.

7. Chun geilleagar na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche, tá gá le hiarrachtaí athnuaite chun coimhdeacht ghníomhach chun coimhdeacht ghníomhach a bhaint amach agus comhar cuiditheach ar gach leibhéal agus teacht i dtír ar thaithí na gcathracha agus na réigiún, ós fíor go bhfuil an chuid is mó de reachtaíocht an Aontais á cur chun feidhme acu, agus caighdeáin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil an Aontais á gcomhlíonadh agus an chobhsaíocht rialála á n-áirithiú ag an am céanna.

8. Is iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) cnámh droma na bpobal áitiúil. Cuireann siad oiliúint, fostaíocht agus earraí agus seirbhísí riachtanacha ar fáil, agus an athléimneacht agus an t-éagsúlú á gcothú ag an am céanna.

9. Cuirfidh sé timpeallacht iomaíoch atá fabhrach do FBManna chun cinn i réigiúin an Aontais trí bheartais áitbhunaithe, simpliú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus infheistíochtaí i scileanna agus nuálaíocht.

Buiséad an Aontais

10. Ní mór do bhuiséad an Aontais beartais fhiúntacha áitbhunaithe a áirithiú go fadtéarmach má tá sé le gníomhú ina uirlis phríomha infheistíochta agus ina chobhsaitheoir chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí malartacha an Aontais i gcomhthéacs geopholaitiúil dúshlánach ina bhfuil an neamhionannas eacnamaíoch ag dul i méid agus géarchéim na haeráide atá ag dul in olcas.

11. Ní mór acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil an Aontas ionas nach gcuirfidh cuspóirí móra nua tosaíochtaí agus spriocanna seanbhunaithe na gConarthaí i mbaol.

12. Ní mór CAI éifeachtach tar éis 2027 a fhorbairt i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chomhpháirtithe straitéiseacha, mar gheall go bhfuil tuiscint ar leith acu ar riachtanais infheistíochta áitiúla. Dá bhrí sin, is fachtóirí ratha riachtanacha iad prionsabal na comhpháirtíochta agus an rialachas il-leibhéil chun an tAontas a dhéanamh níos iomaíche, níos cuimsithí, níos sláine, níos athléimní agus níos inbhuanaithe. Lárú ar bith a tharlóidh ar dhearadh nó ar sheachadadh na gclár ilbhliantúil, is rud é achaithfear a dhiúltú.

13. Is rud ríthábhachtach an dílárú fioscach fós chun seirbhísí poiblí éifeachtúla a bhaint amach, chun iomaíochas a chur chun cinn agus chun na saoránaigh a chumhachtú.

14. Ba cheart acmhainní dílse nua chomh maith le dreasachtaí chun caipiteal príobháideach a mhealladh don Aontas Eorpach a bheith mar chuid de phlé níos leitheadaí ar mhaoiniú bhuiséad fadtéarmach an Aontais chun freagairt do na dúshláin bhunúsacha nua atá os a chomhair.

An t-aistriú cóir

15. Straitéis chuimsitheach iomlánaíoch lena ngabhann cur chuige spriocdhírithe áitbhunaithe, sin rud ríthábhachtach chun tionchair shocheacnamaíocha an aistrithe thriaraigh (glas, digiteach agus déimeagrafach) a bhainistiú i bhfianaise na bpointí tosaigh, na láidreachtaí agus na leochaileachtaí neamhshiméadracha éagsúla atá i éigiúin an Aontais. Ní mór an tacaíocht don aistriú cóir laistigh den bheartas comhtháthaithe a bheith daingean i gcónaí, ós rud é gur féidir leis acmhainneacht agus dinimic dhearfach don fhorbairt a scaoileadh.

Tithíocht inbhuanaithe inacmhainne

16. Tá sé de cheart ag cách áit mhaireachtála chuibhiúil inacmhainne a bheith acu. Is iomaí saoránach san Aontas nach furasta dó rochtain a fháil ar na margaí réadmhaoine agus cíosa, rud a imríonn tionchar ar chomhtháthú an Aontais, ar cháilíocht saoil agus ar phleanáil uirbeach, chomh maith le hinrochtaineacht agus sábháilteacht ár gcathracha. Is mithid aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thromchúiseach tithíochta in áiteanna go leor san Aontas agus deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030.

II. ***#Athléimneacht***

Cuireann CnaR béim ar an méid seo a leanas:

17. Sa chiall is leithne den choinceap, is éard is athléimneacht ann an cumas freagairt do thubaistí nádúrtha agus do thubaistí arb é an duine is ciontach leo, do bhagairtí slándála agus don éagobhsaíocht eacnamaíoch agus pholaitiúil laistigh den Aontas agus ar fud an domhain mhóir. Ní hathléimneacht go dlúthchomhar ar gach leibhéal rialachais, agus ní mór cumas an Aontais agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach freagairt do chineálacha éagsúla géarchéimeanna a neartú trí ionstraimí agus acmhainní airgeadais iomchuí.

An comhar trasteorann

18. Creideann CnaR gur mór an ról a imríonn comhar críochach Eorpach, agus é ar bharrshamhail ar bhreisluach Eorpach, agus nach mór é a aithint mar thosaíocht agus é a neartú sa chéad CAI eile.

An t-athrú aeráide

19. Is cúis mhór imní an méadú ar iarmhairtí an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil leanúnaigh sna cathracha agus i réigiúin an Aontais. Dá bhrí sin, teastaíonn tuilleadh béime ar acmhainní airgeadais don chosc agus don oiriúnú, mar aon le méadú ar na hacmhainní céanna. Maidir le sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050, ní mór an sprioc sin a bhaint amach trí bhíthin sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de laghdú 90 % ar CO_2 a bhaint amach faoi 2040 mar aon le hiarrachtaí uaillmhianacha agus réadúla, mar a leagtar amach i gcreat an Chomhaontaithe Ghlais.

20. Is mithid acmhainneacht struchtúrach agus airgeadais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a neartú chun an gníomhú ar son na haeráide agus caomhnú na bithéagsúlachta a shineirgiú, agus an taighde agus an nuálaíocht a fheabhsú san am céanna, agus an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, agus rioscaí a bhainistiú agus an ullmhacht do thubaistí aeráide a fheabhsú san am céanna.

An athléimneacht uisce

21. Is dúshlán criticiúil domhanda d'iomaíochas an Aontais atá san athléimneacht uisce, dúshlán criticiúil domhanda, agus is mór a tábhacht chun oiriúnú don athrú aeráide, cosaint na bithéagsúlachta, laghdú truaillithe, slándáil bia, an geilleagar ciorclach agus an tsláinte phoiblí a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, ní mór é a chomhtháthú i mbeartais ábhartha eile uile an Aontais.

22. Ní mór straitéisí comhtháite bainistithe uisce lena gcomhcheanglaítear réitigh nuálacha dhúlrabhunaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

Fuinneamh atá glan, slán, inacmhainne

23. Aistriú fuinnimh áitiúil atá éifeachtúil, inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, glan agus cothrom, sin rud atá ríthábhachtach chun spleáchais straitéiseacha a laghdú, agus chun spriocanna comhshaoil agus iomaíochas a chomhcheangal.

24. Ó tharla go bhfuil cúrsaí geopholaitiúla atá dul i gcastacht, ba ríthábhachtach micreatháirgeadh fuinnimh agus córais dhíláraithe agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.

25. Is ríthábhachtach an tAontas Fuinnimh Eorpach a thabhairt chun críche le margadh lán-chomhtháite agus idirnasctha ar fud an Aontais agus córas rialachais dea-fheidhmiúil ina chroílár chun slándáil fuinnimh an Aontais a fheabhsú agus chun nach mbeidh praghsanna fuinnimh ina srian mór ar thionscal an Aontais agus ina n-ualach ar shaoránaigh.

26. Tá ról an-mhór ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun aistriú fuinnimh atá inbhuanaithe agus cóir go sóisialta a thabhairt i gcrích, chun iomaíochas gnólachtaí áitiúla a áirithiú agus chun an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac, ach chun éifeachtúlacht fuinnimh agus táirgeadh fuinnimh áitiúil a mhéadú, ní mór dóibh brath ar chistiú leordhóthanach, lena n-áirítear cistí díreacha do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.

An tsláinte

27. Daonra sláintiúil agus earnáil cúraim sláinte atá láidir, inrochtana go huilíoch agus nuálach, is tosca tábhachtacha iad in athléimneacht shochaíoch an Aontais agus is colún lárnach d'uathriail straitéiseach an Aontais iad.

28. Agus Aontas Sláinte na hEorpa á thógáil agus á chur chun feidhme aige, mór don Aontas, in éineacht lena Bhallstáit gona réigiúin, gona chathracha agus a chuid ceantar tuaithe, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mar lucht saothair cúraim sláinte atá ag laghdú, fadhbanna soláthair cógas leighis criticiúil, ardleochaileacht an bhonneagair cúraim sláinte i leith cibirionsaithe, éagothromaíochtaí leanúnacha sláinte agus líon méadaitheach galar ainsealach agus fadhbanna meabhairshláinte le linn éagobhsaíochta agus géarchéimeanna.

An talmhaíocht

29. Beidh Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) láidir ríthábhachtach chun athléimneacht, inbhuanaitheacht, iomaíochas, neamhspleáchas an tsoláthair bia agus slándáil an Aontais a mhéadú agus chun a fheirmeoirí a chosaint, agus ní mór cistí poiblí a dhíriú ar chleachtais feirmeoireacht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

30. Ba cheart forbairt na tuaithe a bheith ina gné lárnach de CBT freisin. Sin rud a bheadh ina thaca do na ceantair thuaithe bhríomhara ina bhfuil seirbhísí poiblí agus bonneagar láidir, rud a thabharfadh aghaidh ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus eacnamaíocha.

31. Ba cheart ról lárnach a bheith ag na réigiúin i rialachas na bpleananna straitéiseacha a bheidh ann amach anseo chun a áirithiú go gcuirfear saintréithe sonracha críochacha agus earnála san áireamh agus go ndíreofar CBT ar thacaíocht a thabhairt do tháirgeadh inbhuanaithe bia atá oiriúnaithe do dhálaí áitiúla, ar athnuachan ó ghlúin go glúin agus ar an earnáil agraibhia a choinneáil mar shócmhainn straitéiseach.

An tslándáil

32. Tá bagairtí iltoiseacha atá ag teacht chun cinn os comhair mhuintir na hEorpa agus an Aontais agus ní mór an fhreagairt ar na dúshláin sin a bheith ina chomhhfreagracht choiteann, faoi mar a léiríodh i dtuarascáil Niinistö. Ní mór tuilleadh díchill a dhéanamh chun ullmhacht agus cumais chosanta na hEorpa a áirithiú. Is infheistíocht in athléimneacht chathracha agus réigiúin an Aontais í tacaíocht bhuanseasmhach CnaR do chathracha agus do réigiúin na hÚcráine. Cuirtear sin in iúl tríd an gComhghuaillíocht ar mhaithe le hAtógáil na hÚcráine, ós rud é go dtugann sé deis foghlaim ó thaithí chomhpháirtithe na hÚcráine.

33. An ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, más i ndáil le teannas geopholaitiúil é nó le tubaistí nádúrtha, sin rud ríthábhachtach, agus ní mór peirspictíochtaí áitiúla agus réigiúnacha a léiriú go hiomlán i mbeartais an Aontais ionas gur féidir leo a bheith éifeachtach ar an láthair. Rannpháirtíocht ghníomhach na gcathracha agus na réigiún, sin rud eile atá ríthábhachtach, go háirithe maidir le tionscal na cosanta a neartú, spásanna poiblí agus bonneagair chriticiúla a chosaint agus athléimneacht agus cibearshlándáil a fhorbairt trí chur chuige uile-shochaí.

III. ***#Gaireacht***

Is mian le CnaR an méid seo a leanas in iúl:

34. Thar dhream ar bith eile, is maith is féidir leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar riachtanais na saoránach, riachtanais a bhíonn ag éabhlóid leo. Is ríthábhachtach acmhainneacht na rialtas áitiúil a threisiú chun comhtháthú a chothabháil, pobail chuimsitheacha a chothú agus muinín na saoránach as na hinstitiúidí poiblí a fheabhsú.

An t-athrú déimeagrafach

35. An neamhionannas tromchúiseach idir críocha agus pobail, rud a bhaineann an bonn den chomhtháthú, sin cuid den toradh ar an athrú déimeagrafach le daonra atá ag dul in aois agus fadhbanna amhail imirce daoine oilte, tréigean talún agus fairsingiú fásaigh, cóimheasa spleáchais atá ag dul i méid, réigiúin áirithe atá ag titim i ngaistí forbartha agus laghdú foriomlán ar an daonra. Tá an beartas comhtháthaithe fós lárnach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach agus chun é a mhaolú, agus chun deiseanna a chruthú do dhaonraí na réigiún ar bheagán forbartha agus faoi mhíbhuntáiste. Maidir leis an bhfócas ar dhúshláin dhéimeagrafacha laistigh den bheartas comhtháthaithe, ba cheart na nithe seo a leanas a chuimsiú ann: beartais atá fabhrach do theaghlaigh, agus cothroime idirghlúine a chur chun cinn, agus conairí cliste agus inbhuanaithe a fhorbairt i gcomhair na réigiún atá ag dul ar gcúl. Dá bhrí sin, ní mór an próiseas a dhéanamh níos éasca dóibh siúd ar mian leo fanacht ina réigiún féin agus ina gcathair féin, nó filleadh ar an réigiún sin nó ar an gcathair sin. Timpeallacht mhaith ghnó ina gcuirtear poist ar fáil agus seirbhísí poiblí agus bonneagar ar ardchaighdeán a chur ar fáil – sin é an réiteach sa chás sin.

Daonlathas áitiúil

36. Ní mór cur le cumas na n-údarás áitiúil agus réigiúnach aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sistéamacha i gcoinne an daonlathais.

37. Is ábhair mhóra imní iad an bhearna idir institiúidí agus saoránaigh a dhúnadh agus cearta bunúsacha agus an smacht reachta a chosaint agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu ar gach leibhéal rialachais.

38. Tá sé chomh tábhachtach céanna rannpháirtíocht na saoránach a chothú, go háirithe rannpháirtíocht na hóige, lena n-áiritheofar go mbeidh guth ag gach glúin sna próisis chinnteoireachta. Sin rud ríthábhachtach chun córas rialachais atá cóir, trédhearcach agus cuntasach a thabhairt chun cinn.

39. Trína chomhaltaí agus trína líonraí agus tionscnaimh amhail Comhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh, Polaiteoirí Tofa Óga nó Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha, tá uirlisí ar leith ar fáil do CnaR chun an Eoraip a thabhairt níos gaire do na saoránaigh agus chun a n-ionchur a dhíriú ar leibhéal an Aontais.

40. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí an daonlathas áitiúil a chosaint, laistigh de theorainneacha an Aontais agus i dtíortha an mhéadaithe agus i dtíortha i gcomharsanachtaí an deiscirt agus an oirthir araon.

Comhionannas idir na hnscní

41. Is de na tosaíochta trasearnála atá ag CnaR in 2025-2030 rannchuidiú leis an gcéad straitéis eile de chuid an Aontais maidir le comhionannas inscne, agus torthaí nithiúla ar an láthair a bhaint amach de thoradh threochlár an Aontais maidir le cearta na mban. Tacóidh CnaR go gníomhach leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chomhpháirtithe straitéiseacha chun pá comhionann as obair chomhionann agus cumhachtú eacnamaíoch a bhaint amach chomh maith le rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán, cúram leanaí inrochtana, cothromaíocht oibre is saoil agus comhdheiseanna fostaíochta. Tacaíonn CnaR freisin le príomhshruthú an chomhionannais inscne i ngach uile ghné de na beartais, ón dearadh go dtí an cur chun feidhme, i ndlúthchomhar le gach leibhéal rialachais. Áirítear leis sin tiomantas don trasnachas, go háirithe cuimsiú na mban ó ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha, lena n-áirítear daoine LGBTIQ +. Meabhraíonn CnaR an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na mban sa saol polaitiúil a mhéadú, agus éilíonn sé go mbeadh ionadaíocht chomhionann acu a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh agus poist cheannaireachta na n-institiúidí Eorpacha. Iarrann sé ar institiúidí polaitiúla cóid iompair atá íogair ó thaobh inscne de a ghlacadh agus coimircí frithchiaptha a fhorfheidhmiú. Tá sé sin ríthábhachtach chun an daonlathas áitiúil a chosaint agus chun a áirithiú nach é amháin gur prionsabal é an comhionannas ach gur fíor-réaltacht é ar fud na hEorpa.

An óige

42. Faoi Straitéis Óige an Aontais atá ann faoi láthair, straitéis a dhíríonn ar rannpháirtíocht ghníomhach agus ar dheiseanna níos fearr do dhaoine óga foghlaim agus obair a dhéanamh, rud a théann chun tairbhe d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta daoine óga, ba cheart infheictheacht níos fearr a bheith ann agus béim níos láidre a leagan ar a cur chun feidhme. Is rud é atá fite fuaite le tacaíocht neartaithe ón Aontas don oideachas mar phríomhghné d'Aontas na Scileanna, rud atá riachtanach do na glúnta atá le teacht chun rochtain a fháil ar phoist ardcháilíochta agus ar thithíocht.

Ag féachaint na gcúig bliana atá romhainn, tá an méid seo a leanas á dhéanamh ag CnaR:

43. Cuireann sé i bhfios gur príomhghníomhaithe iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na cuspóirí beartais thuasluaite mar gheall ar a ndlisteanacht pholaitiúil, a róil bhunreachtúla, a n-eolas agus a gcumhachtaí infheistíochta, agus trína dtiomantas don chomhtháthú, don athléimneacht agus don ghaireacht.

44. Cuireann sé in iúl go bhfuil sé deimhin de nár cheart a mheas gur geallsealbhóirí iad na cathracha agus na réigiúin sa phróiseas sin ach rannpháirtithe gníomhacha in ullmhú an Aontais Eorpaigh don todhchaí i gcomhthéacs clár oibre uaillmhianach don athchóiriú i bhfianaise a mhéadaithe.

45. Tá sé á chur in iúl go soiléir ag CnaR gurb é an t-aon bhealach chun sprioc an Aontais a bhaint amach go héifeachtach ról a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i bhforbairt thodhchaí agus phróiseas beartais an Aontais, obair a bheadh bunaithe ar phrionsabail na coimhdeachta gníomhaí, na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil, is é sin na réigiúin a chur i gcroílár obair an Aontais.

An Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ